



Freasúra Daonlathach

i **Veiniséala**

Craobh-ainmní do Dhuais Sakharov 2017

Ó 1988 i leith, tá Duais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta bronnta ag Parlaimint na hEorpa ar dhaoine agus ar eagraíochtaí a rinne éacht thar na bearta sa chomhrac ar son chearta an duine.

An Freasúra Daonlathach i Veiniséala

An tionól náisiúnta (Julio Borges) agus na príosúnaigh pholaitiúla uile arna liostú ag Foro Penal Venezolano agus ionadaíocht á déanamh orthu ag Leopoldo López, Antonio Ledezma, Daniel Ceballos, Yon Goicoechea, Lorent Saleh, Alfredo Ramos agus Andrea González

Le blianta beaga anuas, tá Veiniséala i ngreim ag géarchéim pholaitiúil. De réir a chéile, tá teorainn curtha ag an bpáirtí rialaithe leis an smacht reatha agus leis an ord bunreachtúil, agus i mí an Mhárta 2017 bhain an Chúirt Uachtarach a chumhacht reachtach den tionól náisiúnta a toghadh go daonlathach. Rinne Julio Burges, Uachtarán an Tionóil Náisiúnta, achoimre ar an staid i Veiniséala mar a leanas: “Ní coimhlint pholaitiúil amháin an choimhlint atá i Veiniséala. Coimhlint ríthábhachtach, eiseach is ea í atá bunaithe ar luachanna.”

Ag an am céanna, tá níos mó ná 600 príosúnach polaitiúil ann, dar leis an tuarascáil is deireanaí de chuid Foro Penal Venezolano (Fóram Cionta Peannaideacha i Veiniséala), eagraíocht mhór le rá um chearta an duine i Veiniséala a thugann cúnamh dlí *pro bono* do dhaoine a bhfuil teorainn lena gcuid acmhainní geilleagracha agus a nglactar leis ina dtaobh gur coinníodh go treallach iad, gur céasadh iad nó gur ionsaíodh i gcaitheamh agóidí iad. I measc na bpríosúnach polaitiúil, tá ceannairí mór le rá ón bhfreasúra amhail Leopoldo López,

Antonio Ledezma, Daniel Ceballos, Yon Goicoechea, Lorent Saleh, Alfredo Ramos agus Andrea González.

Cé gur tugadh cead i mí Iúil do dhuine de cheannairí an fhreasúra i Veiniséala, Leopoldo López, a bheith faoi bhraighdeanas baile go sealadach tar éis dó níos mó ná 3 bliana a chaitheamh faoi choinneáil, aistríodh ar ais go príosún é i mí Lúnasa 2017. Tá Antonio Ledezma, polaiteoir mór le rá eile ón bhfreasúra, a bhí ina mhéara ar Caracas tráth, faoi bhraighdeanas baile ó 2015, agus cuireadh i bpríosún freisin Alfredo Ramos, iarmhéara de chuid Iribarren, agus Daniel Ceballos, iarmhéara de chuid San Cristobal, mar aon le Lorent Saleh, mac léinn atá ina ghníomhaí. Tá beirt saoránach de chuid na Spáinne, Andrea Gonzalez agus Yon Goicoechea, i measc na bpríosúnach polaitiúil.

Ó thús na bliana, dúnmharaíodh os cionn 130 freasúrach agus cuireadh os cionn 500 díobh i bpríosún go treallach.

Andrei Sakharov

Ba fhisiceoir cáiliúil é Andrei Sakharov (1921-1989) a bhí ina ghníomhaí chearta an duine agus ina easaontóir a bhí go mór ar son leasuithe in Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha (APSS). Ceannródaí san fhisic núicléach agus cruthaitheoir an bhuama hidrigine Shóivéadaigh ab ea Andrei Sakharov, agus nuair a bhí sé 32 bliana d'aois rinneadh lánchomhalta d'Acadamh Sóivéadach na nEolaíochtaí de. Faoi dheireadh na 1950í, áfach, d'éirigh sé níos inníche de réir a chéile faoi iarmhairtí na tástála núicléiche agus faoi impleachtaí polaitiúla agus morálta a chuid oibre, a d'fhéadfadh a bheith mar údar báis ag líon ollmhór daoine. Sna 1960í d'éirigh sé ina cháinteoir den iomaíocht armála núicléiche agus dá bharr sin cuireadh cosc air aon obair mhíleata ardrúnda a dhéanamh agus baineadh a chuid pribhléidí de.

In 1970, ba dhuine de chomhbhunaitheoirí an Choiste um Chearta an Duine in APSS é, agus thosaigh sé ag stocaireacht ar son chearta an duine agus ar son íospartaigh na dtrialacha polaitiúla. In 1972 phós sé gníomhaí eile de chearta an duine, Yelena Bonner. D'ainneoin níos mó brú ón rialtas, ní hamháin gur iarr

Sakharov go scaoilfí saor easaontóirí ina thír féin ach ba dhuine den lucht cáinte ba mhisiúla sa réimeas Sóivéadach é, agus é ina phearsantú ar an gcomhrac i gcoinne shéanadh na gceart bunúsach. I bhfocail choiste Nobel a bhronn an Duais Síochána air in 1975, "labhair sé thar ceann choinsias an chine dhaonna". Cuireadh cosc air bheith i láthair chun a Dhuais Nobel a ghlacadh, ach ní fhéadfadh cur faoi chois ná díbirt a sheasamh a bhriseadh.

Díbríodh Andrei Sakharov go Gorky, cathair iata, in 1980 tar éis dó agóid go poiblí i gcoinne idirghabháil mhíleata na Sóivéide san Afganastáin in 1979. Agus é ar deoraíocht, mhair sé faoi dhianfhaireachtas na bpóilíní. Mar aitheantas ar a thiomantas do chearta an duine ar feadh a shaoil, bhunaigh agus d'ainmnigh Parlaimint na hEorpa duais in ómós dó. Mar a dúirt Jean-Francois Deniau a bhí i gceannas ar an tionscnamh, ba "shaoránach Eorpach é Sakharov a bhí ina phearsantú ar shaoirse smaointeoireachta agus ar shaoirse cainte, a chinn droim láimhe a thabhairt do na buntáistí maoinne agus do na honóracha go léir a bhí ar fáil dó mar gheall ar a phrionsabail agus ar a choinsias".

Duais Sakharov

Bronnadh Duais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta, arb ionann í agus an comhartha ómóis is mó a thugann an tAontas Eorpach do dhícheall chearta an duine, den chéad uair in 1988 ar Nelson Mandela agus Anatoli Marchenko. Aithnítear léi daoine, grúpaí agus eagraíochtaí atá tar éis sárchion a dhéanamh do chosaint na saoirse smaointeoireachta. Is tríd an duais agus trína líonra comhlachaithe a thacaíonn AE le buaiteoirí, a neartaítear agus a chumasáítear agus iad ag troid ar son a gcúiseanna.

Is ar easaontaigh, ceannairí polaitiúla, iriseoirí, dlíodóirí, gníomhaithe na sochaí sibhialta, scríbhneoirí, máithreacha, mná céile, ceannairí mionlaigh, grúpa frithsceimhlitheoireachta, gníomhaithe síochána, gníomhaí frithchéasta, cartúnaí, príosúnach coinsiasa fad-phianbhreithe, scannánóir, na Náisiúin Aontaithe mar chomhlacht agus fiú leanbh a throid ar son an chirt chun oideachais a bronnadh an duais go dtí seo. Cuirtear chun cinn go háirithe léi saoirse cainte, cearta mionlach, urraim don dlí idirnáisiúnta, forbairt an daonlathais agus riail an dlí a chur chun feidhme.

Bronnann Parlaimint na hEorpa Duais Sakharov le dearlaic EUR 50 000 i suí iomlánach foirmiúil in Strasbourg i dtreo dheireadh gach bliana. Féadfaidh grúpaí polaitiúla den Parlaimint agus Feisirí aonair iarrthóirí a ainmniú, (teastaíonn tacaíocht 40 Feisire ar a laghad do gach iarrthóir). Cuirtear na hainmnithigh i láthair ag suí comhpháirteach de na Coistí um Ghnóthaí Eachtracha agus um Fhorbairt agus den Fhochoiste um Chearta an Duine agus vótálann comhaltaí na lánchoistí ar ghearrliosta de thriúr. Roghnaíonn Comhdháil na nUachtarán, ar comhlacht de chuid Parlaimint na hEorpa é a threoraíonn an t-uachtarán agus ina gcuimsítear ceannairí na ngrúpaí polaitiúla éagsúla uile a bhfuil ionadaíocht acu sa Parlaimint, an buaiteoir nó na buaiteoirí deireanacha, a fhágann gur rogha Eorpach amach is amach atá i rogha na mbuaiteoirí.

Na buaiteoirí

- 2017** An Freasúra Daonlathach i Veiniséala
- 2016** Nadia Murad, Lamiya Aji Bashar
- 2015** Raif Badawi
- 2014** Denis Mukwege
- 2013** Malala Yousafzai
- 2012** Nasrin Sotoudeh, Jafar Panahi
- 2011** An tEarrach Arabach: Mohamed Bouazizi, Ali Ferzat, Asmaa Mahfouz, Ahmed El Senussi, Razan Zaitouneh
- 2010** Guillermo Fariñas
- 2009** Memorial
- 2008** Hu Jia
- 2007** Salih Mahmoud Mohamed Osman
- 2006** Aliaksandr Milinkevich
- 2005** *Damas de Blanco*, Hauwa Ibrahim, Tuairisceoirí Gan Teorainneacha
- 2004** Comhlachas Iriseoirí na Bealarúise
- 2003** Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe Kofi Annan agus foireann uile na Náisiún Aontaithe
- 2002** Oswaldo José Payá Sardiñas
- 2001** Izzat Ghazzawi, Nurit Peled-Elhanan, Dom Zacarias Kamwenho
- 2000** *¡BASTA YA!*
- 1999** Xanana Gusmão
- 1998** Ibrahim Rugova
- 1997** Salima Ghezali
- 1996** Wei Jingsheng
- 1995** Leyla Zana
- 1994** Taslima Nasreen
- 1993** *Oslobođenje*
- 1992** *Las Madres de Plaza de Mayo*
- 1991** Adem Demaçi
- 1990** Aung San Suu Kyi
- 1989** Alexander Dubček
- 1988** Nelson Rolihlahla Mandela, Anatoli Marchenko



Andrei Sakharov lena bhean Yelena Bonner

© Yury Rost

Grianghraf an chládaigh

© EU 2017 - EP/AP Images / Ariana Cubillos

Print:
ISBN 978-92-846-1884-2
doi:10.2861/228074
QA-06-17-130-GA-C

PDF:
ISBN 978-92-846-1879-8
doi:10.2861/739044
QA-06-17-130-GA-N

europarl.europa.eu/sakharov
#Sakharov